

Sealbhú Teanga agus An Cur Chuige Cumarsáideach

TORTHAÍ FOGHLAMA

Forbraíonn leanaí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Gnásanna sóisialta agus feacht ar dhaoine eile
- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint a léiriú
- Athinsint agus mionléiriú
- Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach

Sealbhú Teanga

Moltar an Cur Chuige Cumarsáideach mar mhodh chun cumas sealbhaithe teanga na bpáistí a fhorbairt sa dara teanga. Tarlaíonn forbairt teanga sa Ghaeilge faoi stiúir an mhúinteora: ag am scéalaíochta,

trí phlé, le rainn agus amhráin, trí shúgradh agus i gceachtanna atá teangadhírthe. Bíonn ar an múinteoir na scileanna éisteachta a fhorbairt leis an sealbhú teanga a fhorbairt. Is trí eiseamláiriú agus sealbhú teanga a bheidh na páistí réidh don tréimhse cumarsáide nó iarrachtaí an teanga a úsáid. Ba chóir go mbeadh forbairt le sonrú san fhoghlaim ar úsáid teanga. Bíonn ar an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar ábhar cainte, ráta cainte, comhréir na cainte ach le heiseamláir chúí agus go leor ionchur ón múinteoir beidh féinrialachán agus féincheartúchán le sonrú.

Timpeallacht Chúí don Chumarsáid

Is féidir an seomra ranga a eagrú le cumarsáid a spreagadh. Is féidir deis a thabhairt do na páistí bogadh ó áit go háit. Cuidíonn sé má aithníonn siad gach ceantar agus má bhíonn aontú ar a n-úsáid. Cuir lipéid nó fógraí in airde leis an seomra a eagrú.

AN SEOMRA RANGA

Is féidir áit a chur ar fáil:

don súgradh, m.sh. ealaín, uisce, gaineamh agus áiseanna cuí

don rólghlacadh, m.sh. siopa

do phuipéid, ceannaithe/déanta

don léitheoireacht, le leabhair, bréagáin agus frapaí

don scríbhneoireacht le réimse d'áiseanna scríbhneoireachta

le héisteacht le ceol, scéalta, rainn

do riachtanais forbartha teanga agus litearthachta do chuid páistí.

Sealbhú Teanga agus An Cur Chuige Cumarsáideach



Réamhchumarsáid

- Cluas chuimhne a fhorbairt
- Éisteacht le scéalta agus plé
- Éisteacht le rainn, tosú ar a n-aithris
- Éisteacht le teanga i gcomhthéacs
- Éisteacht le tuairimí agus smaointe
- Éisteacht le míniú, le cur síos nó leid a fháil i bpictiúr le rud a aimsiú
- Ceisteanna agus na focail a bhaineann leo a thuiscint – Cé? Cén áit? Cén uair? Cén fáth? Céard?
- Éisteacht le cóid chúirtéise, beannachtaí, buíochais, srl.
- Éisteacht le heiseamláir teanga
- Éisteacht le treoracha agus iad a leanúint

I rith na tréimhse seo moltar a oiread taithí teanga agus is féidir a thabhairt trí scéalta, amhráin, rainn agus comhrá.

Cumarsáid agus Iarchumarsáid

- Rudaí/daoine/áiteanna a ainmniú
- Teanga a úsáid ó scéalta/rainn
- Ceisteanna a chur agus a fhreagairt
- Labhairt faoi phictiúir, scéalta, rímeanna nó faoina dtaithe féin
- Athinsint a dhéanamh ar scéal atá ar eolas trí phictiúir/phuipéid a úsáid
- Sraith pictiúr a chur in ord agus labhairt fúthu
- Míniú a thabhairt/cur síos
- Tosú ar úsáid teanga chuí a bhaineann le buíochas/beannachtaí
- Smaointe/liostaí a phlé faoi stiúir
- Treoracha a thabhairt
- Suíochán te/Am ciorcail, sealanna ag páistí labhairt ar ábhar faoi stiúir
- Ealaín, pictiúr, ceol, ceacht a phlé

Sealbhú Teanga agus An Cur Chuige Cumarsáideach



AN PRÓISEAS

Ionchur go haschur

Bíonn páistí ag éisteacht leis an tumtheanga, a fuaimeanna agus a rithimí. Tosaíonn siad ag tuiscint a bhfuil á rá.

Ansin, déanann siad aithris ar a gcluineann siad, úsáideann siad teanga atá ar eolas go spontáineach agus ansin go neamhspleách.

Úsáidtear tréimhsí an cheachta faoi mar atá leagtha amach sa churaclam chun ionchur go haschur teanga a fhorbairt.

Tréimhsí an Cheachta

An tréimhse réamhchumarsáide

Múintear/cleachtar foclóir ó bhéal, feidhmeanna teanga nó eiseamláirí atá de dhíth leis an tasc teanga a chomhlíonadh.

An tréimhse cumarsáide

Úsáideann an páiste foclóir ó bhéal, feidhm teanga nó eiseamláirí chun tasc cumarsáideach a bhaint amach. Tá gach tasc dírithe ar an bpáiste agus le hacmhainní chúí, is féidir deiseanna cumarsáide a thabhairt trí shúgradh, chluichí teanga, dhrámaí, dhíospóireachtaí agus agallaimh a úsáid. Tugann na deiseanna seo an teanga a chleachtadh seans do pháistí eirí compordach le husáid na teanga i gcomhthéascanna réalaíocha.

Bíonn deis ag an múinteoir sa tréimhse seo don gceacht earráidí a shainaithint chun tacú don bpleanáil teanga agus don daingniú teanga atá de dhíth ina dhiaidh sin.

An tréimhse iarchumarsáide

Faoi threoir an mhúinteora, déantar daingniú ar theanga na bpáistí maidir lena bhfuil foghlaimthe acu. Tugtar deiseanna dóibh an teanga a thraschur go gníomhaíochtaí/suíomhanna eile.

Leis seo, cruthaíonn an múinteoir go leor deiseanna chun an teanga nua a dhaingniú agus chun cabhrú le páistí éirí muiníneach maidir le húsáid na teanga.

Pleanálann an múinteoir an chéad chéim eile san fhoghlaim ag an tréimhse seo, ag brath ar chumas úsáide teanga na bpáistí. Is féidir an teagasc teanga amach anseo a chur in oiriúint do na páistí, más gá.

Sealbhú Teanga agus An Cur Chuige Cumarsáideach

Ag Tacú leis an nGaeilge

Bíonn níos mó tacaíochta agus níos mó eiseamláiriú ag teastáil ó pháistí leis an nGaeilge. Tá páistí ag teacht ar scoil le líofacht sa Ghaeilge, le beagán Gaeilge agus gan Gaeilge ar bith, agus caithfear freastal orthu sin ar fad. Tá an-bhéim ar an tréimhse réamhchumarsáide a bhaineann le teanga a shealbhú nuair a bhíonn na páistí ag éisteacht leis an teanga. I rith na tréimhse seo, moltar a oiread teagmhála leis an teanga agus is féidir a thabhairt trí scéalta, amhráin, rainn agus comhrá agus bíonn pictiúir, bréagáin, póstaer agus puipeid an-chuidiúil le tacú leis an bpáiste sa tréimhse réamhchumarsáide. Is féidir Gaeilge na bpáistí sin a bhfuil Gaeilge acu a shíneadh sa tréimhse seo le foclóir agus le saibhreas teanga.

Is de réir a chéile a thosóidh páistí ar an tréimhse cumarsáide agus tarlóidh sé seo ag staideanna éagsúla ag brath ar an bpáiste. Is féidir freastal ar pháistí ag na staideanna éagsúla trí obair bheirte nó obair ghrúpa. Léirigh do na páistí an dóigh le hobair le páirtí nó i ngrúpa trí nósanna a eiseamláiriú ar dtús. Sa tréimhse réamhchumarsáide léirigh an dóigh le ceisteanna a chur, seal a ghlacadh, éisteacht le duine eile, freagra a thabhairt, cinneadh a dhéanamh agus an teanga chuí a úsáid i dtús báire sula dtugtar seans do pháistí bheith ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpa leo féin. Beidh tacaíocht de dhíth leis an nGaeilge.

Le Cumarsáid a Spreagadh

Leabhair/Scéalta

Ba chóir leabhair a léamh le páistí a oiread agus is féidir agus an teanga chuí a chleachtadh arís agus arís eile. Is bealach an-éifeachtach é seo le teanga a fhorbairt agus a eiseamláiriú. Bíonn leabhair mhóra níos fusa a láimhseáil le grúpa agus is féidir bréagáin nó puipeid a úsáid le cur leis an scéal agus leis an chumarsáid a spreagadh. Agus na páistí eolach ar an scéal agus ar an teanga, is féidir dráma nó rólghlacadh a bhunú air.

Súgradh Struchtúrtha

Is féidir bréagáin/ gníomhaíochtaí a chur ar

fáil agus sprioctheanga ar leith leo, m.sh. pictiúir le sórtáil, puzal le pictiúir ar leith nó patrún coirníní. Is féidir le páistí tosú ar úsáid na teanga ar bhonn trialach trí shúgradh agus an múinteoir ag tacú leo.

Timpeallacht Chuí don Chumarsáid

Is féidir an seomra ranga a eagrú le cumarsáid a spreagadh. Is féidir deis a thabhairt do na páistí bogadh ó áit go háit. Cuidíonn sé má aithníonn siad gach ceantar agus má bhíonn aontú ar a n-úsáid. Cuir lipéid nó fógraí in airde leis an seomra a eagrú.

Sealbhú Teanga agus An Cur Chuige Cumarsáideach

Rólghlacadh/Dráma

Is féidir é seo a bhunú ar scéal fíor nó ar leabhar atá léite nó scéal atá ag páiste. Bíonn an teanga chuí le tógáil ag na páistí agus beidh tacaíocht de dhíth orthu léi sin. Ba chóir rialacha a phlé roimh ré maidir le sealanna agus róil, srl.

Cuairteanna/Turais

Is féidir cuairt nó turas a eagrú sa scoil féin nó áit eile taobh amuigh den scoil. Is féidir cuireadh a chur ar chuairoteir teacht chun na scoile. Beidh teanga chuí le plé agus le cleachtadh, cur síos, eolas a roinnt, comparáid a dhéanamh, athchuidíocht agus tuairisciú.

Tuairiscí

Iarr ar pháistí tuairisc a thabhairt ar imeacht, ar nuacht nó ar thuras, srl. Bain úsáid as cairt nó póstaer de cheisteanna, Cé? Cén áit? Cén uair? Cén fáth? Céard? leis an gcaint a spreagadh.

Treoracha

Tabhair treoracha do pháistí in ord ar leith agus iarr treoracha ar na páistí. Bain úsáid as patrúin coirníní ar théad, treoir le pictiúir a dhéanamh, treoracha le haghaidh chluichí.

